AONTAS 2026 – I DTREO CLG AMHÁIN DO CHÁCH

PLEAN STRAITÉISEACH CLG 2022-2026

AIDHM

Is í an aidhm atá againn ná na cluichí Gaelacha, an cultúr Gaelach agus rannpháirtíocht saoil a chur chun cinn mar eagraíocht phobalbhunaithe agus dheonach a shaibhríonn saoil daoine agus pobal.

FÍS

Is é an fhís atá againn don Chumann ná go mbeadh sé bunaithe ar dhaoine a bhíonn ag feidhmiú go deonach agus dírithe ar phobail ina bhfuil an oiread daoine agus is féidir in ann páirt a ghlacadh sna cluichí Gaelacha agus sa chultúr Gaelach, chomh fada agus is féidir.

LUACHANNA

Féiniúlacht Pobail

Stádas Amaitéarach

Ionchuimsitheacht

Meas

Leas Imreoirí

Obair Fhoirne agus Obair Dheonach

RÉIMSE FÓCAIS AGUS SPRIOCANNA

1. CLUICHÍ

an t-eispéireas cluichí is fearr agus is féidir a chur ar fáil d'imreoirí agus do lucht féachana

1.1 Peil Ghaelach agus Iomáint a dhéanamh chomh taitneamhach agus is féidir le go mbeadh imreoirí sásta coinneáil orthu ag imirt agus go mbainfeadh an lucht féachana taitneamh as bheith ag breathnú ar na cluichí

1.2 A chinntiú go bhfuil líon suntasach cluichí fiúntacha ag imreoirí chomh maith le cóimheas cuí cluichí is traenáil ar mhaithe le rannpháirtíocht a fheabhsú agus le himreoirí a choineáil ag imirt

1.3 Infheistíocht a dhéanamh in acmhainní breise chun an iomáint a chosaint agus a fhás

1.4 Aidhm, ról agus tionchar an Chumainn san earnáil oideachais a mheas d'fhonn cabhrú le scoileanna agus le hinstitiúidí ardaoideachais agus breisoideachais na cluichí Gaelacha a chur chun cinn agus chun an ceangal leis an earnáil a neartú, rud a chothódh deiseanna tacaíochta agus infheistíochta

2. DAOINE

Tacaíocht dhosháraithe agus deiseanna ar fhorbairt phearsanta a chur ar fáil do rólanna ina bhfuil daoine ag feidhmiú go deonach agus mar fhostaithe iontu

2.1 Cuir ar chumas imreoirí barr a gcumais a bhaint amach trí ardchaighdeán cóitseála, thacaíochtaí d'imreoirí agus dheiseanna ar chluichí a chur ar fáil dóibh

2.2 Seirbhísí tacaíochta a fheabhsú chun na dualgaisí riaracháin a bhíonn le comhlíonadh ag daoine a bhíonn ag feidhmiú go deonach a laghdú

2.3 Na hacmhainní cuí atá ag teastáil le painéal na réiteoirí a fhás a dháileadh, an cultúr maidir le meas don réiteoir a chur ina cheart, agus caighdeán na réiteoireachta a fheabhsú

2.4 Na cláir fhoghlama uile a dhaingniú agus a chomhordú faoi bhrat aon ionad traenála amháin le cinntiú go mbeidh eispéiris fhoghlama ar ardchaighdeán ag cóitseálaithe, oifigigh, imreoirí, réiteoirí agus ag fostaithe

3. CLUBANNA AGUS POBAIL

ag tacú le marthanas agus fás clubanna agus pobal

3.1 An tábhacht a bhaineann le héagsúlacht agus le hionchuimsiú a chur chun cinn le himreoirí agus baill a ghríosadh le páirt a ghlacadh inár gcuid cluichí agus inár gcuid gníomhaíochtaí

3.2 Dlús a chur faoin tacaíocht a chuirtear ar fáil do Chlubanna atá ag iarraidh dul i ngleic leis na fadhbanna a eascraíonn as athruithe daonra ina gcuid pobal áitiúil

3.3 An plé le rialtais ag leibhéil lárnacha agus áitiúla a dhéanamh foirmeálta le tabhairt faoi spriocanna agus tograí a ghabhfadh chun tairbhe an dá thaobh, mar shampla, athnuachan uirbeach agus tuaithe, sláinte agus folláine, gníomhaíocht choirp, rannpháirtíocht shóisialta, srl.

3.4 CLG a fhás ar bhonn domhanda trí sheirbhísí bainistíochta níos straitéisí agus níos oibríochtúla a chur ar fáil d'aonaid idirnáisiúnta

4. CUMARSÁID

ag saothraíocht ar son Cumainn atá níos ceangailte

4.1 Cultúr réamhghníomhach cumarsáide a fhorbairt ar fud an Chumainn leis an gclú atá orainn a fheabhsú, agus le scéal CLG a insint ar bhealaí nua-aimseartha

4.2 Ceangal níos fearr a chruthú le baill agus le lucht leanúna

4.3 Níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga forbairt mar cheannairí agus glór a thabhairt dóibh maidir leis na ceisteanna móra atá os comhair an Chumainn

4.4 Ceiliúradh a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar ghníomhaíochtaí cultúrtha trí sheirbhísí leanúnacha tacaíochta agus oideachais a chur ar fáil do bhaill

5. RIALACHAS AGUS DIBRÍOCHTAÍ

ár gcuid rialachais agus oibríochtaí a nuachóiriú mar chuid d'Aon Chumann Amháin

5.1 Aon Chumann Amháin a chur ar bun a dhéanfadh rialú ar chóid uile na gcluichí Gaelacha: Peil Ghaelach, Iomáint, Peil Ghaelach na mBan, Camógaíocht, Liathróid Láimhe agus Cluiche Corr

5.2 Na struchtúir rialachais a fhorbairt ag gach leibhéal de chuid an Chumainn d'fhonn seirbhísí riaracháin a chur ar fáil do Chlubanna agus do Chontaetha chomh héifeachtúil agus is féidir

5.3 Comhlíonadh polasaí agus beartais bhainistíochta riosca a neartú lenár ndaoine agus lenár gcluichí a chosaint

5.4 Infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht dhigiteach agus in anailís sonraí d'fhonn oibríochtaí an Chumainn a fheabhsú

6. ACMHAINNÍ

inbhuanaitheacht ár gcuid airgeadais, áiseanna agus ár gCumainn a chinntiú

6.1 Comhaird agus comhacmhainní an Chumainn a dhíriú ar fhás Clubanna an athuair mar phríomhaonaid de chuid an Chumainn

6.2 Inbhuanaitheacht fhadtéarmach airgeadais a bhaint amach le híoc as reáchtáil laethúil agus fás straitéiseach an Chumainn

6.3 A chinntiú go ndéantar forbairt agus bainistíocht ar áiseanna CLG ar bhealach inbhuanaithe

6.4 Gach aonad a bheith cóirithe le go bhféadfaidís feidhmiú ar bhonn inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de le tionchar an athraithe aeráide ar aonaid de chuid CLG agus ar an tsochaí a laghdú

PRÍOMHTHO-SAÍOCHTAÍ

Cumann inbhuanaithe ina bhfuil clubanna faoi bhláth mar chuid lárnach de

An méid is mó rann-pháirtíochta agus is féidir i measc imreoirí, cóit-seálaithe, réiteoirí agus oifigeach

Sé Chód, Cumann Amháin

Cumann ceangailte agus ionchuimsitheach

Rialachas maith

SLATA TOMHAIS RATHÚLACHTA

Déanfaidh An Coiste Bainistíochta forbairt agus monatóireacht ar shlata tomhais rathúlachta agus ar spriocanna le tionchar an phlean straitéisigh seo a mheas.

Samplaí de seo ná baill chláraithe, imreoirí cláraithe, foirne cláraithe, daoine deonacha atá gníomhach, Clubanna comhcheangailte, maoiniú Club, lucht féachana teilifíse srl.